

# Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

## Ceacht 5



### Sainaithin clár teilifíse a thaitníonn leo agus déan cur síos ar cén fáth

#### Cuspóir Foghlama

Ba chóir go mbeadh leanaí in ann clár teilifíse a thaitníonn leo a shainaithint agus cur síos ar na cúiseanna leis sin.

#### Toradh Foghlama

Clár teilifíse a thaitníonn leo a roghnú. Cur síos ar an gclár teilifíse sin agus a chur in iúl don rang cén fáth ar maith leo é.

#### Nótaí na Mhúinteora

Bíonn táirgí meáin éagsúla dírithe ar ghrúpaí éagsúla agus ar luchtanna féachana agus éisteachta éagsúla. Ní rachaidh an táirge meáin céanna, mar shampla clár teilifíse, i bhfeidhm ar dhaoine éagsúla ar an mbealach céanna.

#### Acmhainní

- Gníomhaíocht 5.1
- Bréagáin, bréagáin bhoga agus cúpla teidí.

#### Modheolaíocht

- Caint agus plé – An Clár Teilifíse is Fearr Liom, Gaol a aithint
- Foghlaim ghníomhach – Clár Teilifíse a Chruthú
- Comharfhoghlaim – Clár Teilifíse a Chruthú
- Scileanna trí mheán an ábhair – Tarraing an Clár

# Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

## Ceacht 5



### Cur Chuige

#### Céim 1: An Clár Teilifíse is Fearr Liom

- Fiafraigh de na leanaí cad iad na gníomhaíochtaí is maith leo a dhéanamh nuair a théann siad abhaile ón scoil.

*Seans go luafaidh roinnt de na leanaí gníomhaíochtaí súgartha éagsúla, mar shampla imirt ar an táibléad nó breathnú ar an teilifís.*

- Fiafraigh de na leanaí cad iad na cláir theilifíse ar maith leo breathnú orthu.

*Beidh raon clár teilifíse éagsúil i measc na bhfreagraí.*


- Dírigh ar na cláir a roghnaigh na leanaí agus na cúiseanna ar maith leo na cláir sin.

*Seans go luafaidh siad na carachtair, na scéalta nó na gnéithe fantaisíochta a bhaineann leis na cláir sin.*

- Mar rang iomlán roghnaigh clár teilifíse amháin, agus iarr ar na leanaí a mhéid eolais agus is féidir leo a thabhairt faoin gclár sin, ag díriú ar na carachtair – idir charachtair mhaithe agus fhíochmhara, an snáithe scéil agus an suíomh.
- Mar ghníomhaíocht tobsmaointeoireachta ranga bailigh a mhéid eolais agus is féidir faoin gclár agus cruthaigh físléiriú.
- Téigh siar ar thorthaí na tobsmaointeoireachta (nó aon fhísléiriú) mar rang.
- Tarraing aird ar ghnéithe an chláir teilifíse a dhéanann clár níos fearr de, dar leo, ná cláir eile, e.g. carachtair, suíomh, snáithe scéil.

#### Céim 2: Tarraing an Clár

- Inis do na leanaí go mbeidh orthu clár teilifíse a roghnú a thaitníonn leo, ar an gcoinníoll gur clár teilifíse do leanaí é.
- Inis dóibh gur féidir leo ansin pictiúir a tharraingt de na nithe is maith leo faoin gclár teilifíse sin ag úsáid Gníomhaíocht 5.1
- Spreag na leanaí a mhéid mionsonraí agus is féidir leo a thabhairt faoin gclár agus nithe cosúil le carachtair, suíomh agus snáithe scéil a chur san áireamh.
- Chomh luath agus atá an ghníomhaíocht curtha i gcrích ag na leanaí, iarr orthu ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad an clár teilifíse sin.



Gníomhaíocht 5.1

#### Céim 3: Cruthaigh Clár Teilifíse

- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gclár teilifíse féin a chruthú.
- Agus iad ag obair i ngrúpaí tabhair an deis do na leanaí úsáid a bhaint as bréagáin, bréagáin bhoga agus teidí ón rang chun a gclár teilifíse féin a chruthú.
- Tabhair sealanna do na leanaí a gcarachtair féin a chruthú as marla nó as bloic.
- Iarr ar na leanaí cinneadh a dhéanamh cá ndéanfar an clár teilifíse a shuíomh, e.g. i scoil in Éirinn, i bhfad i gcéin i ríocht dhraíochtúil, i siopa nó in ospidéal.
- Iarr ar na leanaí a chinneadh cad a tharlóidh sa chlár.
- Spreag na leanaí ainm a thabhairt do gach carachtar agus cur síos ar cén cineál carachtair é.
- Iarr ar na leanaí teideal a chur ar an gclár teilifíse ar léiriú é ar théama an chláir.
- Tabhair an deis do na leanaí tobchumadóireacht a dhéanamh ar feadh cúpla nóiméad ag úsáid charachtair agus shuíomh an chláir a roghnaigh siad.
- Ansin iarr ar na leanaí a mhíniú cad is maith leo faoi chláir na leanaí eile sa rang, ar bhealach dearfach.

#### Gníomhaíocht bhreise

- Déan scannán ar chláir theilifíse na leanaí ag úsáid fóin, táibléid nó ceamara. Ar an gcaoi sin is féidir leis na leanaí breathnú arís ar a gclár féin agus ar chláir na leanaí eile.

#### Céim 4: Gaol a Aithint

- Fiafraigh de na leanaí an bhfuil a gclár teilifíse féin cosúil leis an gclár teilifíse is fearr leo (an ceann a roghnaigh siad níos luaithe).
- Téigh siar ar ghnéithe an chláir ó Céim 1 agus cuir i gcomparáid na nithe atá i gcoiteann ag an dá chlár.
- Cad iad na difríochtaí idir an dá chlár?
- Fiafraigh de na leanaí an dóigh leo gur mhaith leis na leanaí eile breathnú ar na cláir theilifíse a chruthaigh siad. Iarr orthu a mhíniú cén fáth.